– 1 –

BOTÚN SCANNALACH

‘An tusa an tUasal Agatán Bacs?’

‘Ní mé, go deimhin!’

‘Tá cathú orm, a dhuine uasail. Ní foláir nó gur tusa Agatán Cacs, mar sin?’

‘Ní mise an duine sin!’

‘Dar fia! Caithfidh gur tú Agatán Dacs, seans?’

‘Drochsheans.’

‘Dona go leor. Cad faoi Agatán Facs?’

‘Níor chuala mé riamh trácht air!’

‘Agatán Gacs? Hacs? Lachs?’

‘Is cinnte nach éinne acu sin mé.’

‘Maith dhom é, a dhuine uasail. Nílim in ann an t-ainm atá scriobláilte ar an bpíosa páipéir seo a léamh. An bhféadfadh gur tusa an tUasal Agatán Zacs, nó Yacs?’

‘Ní mé ar chor ar bith, ná Macs, Pacs ná Racs. Cén píosa páipéir é sin agat ar aon nós?’

‘Ní fhéadfainn é sin a insint duit go bhfaighidh mé amach cé thú féin, a dhuine uasail. Braitheann gach aon ní air sin. An bhfuil seans ar bith gur tusa an tUasal Agatán Sacs, a dhuine uasail?’

'An-seans. Sea! Is mise an duine sin a luann tú.'

'Á! Tá beirthe agam ort sa deireadh, a dhuine uasail! Is tusa Agatán Sacs mar sin, coirpeach lofa agus cluanaire fealltach! Caithfidh mé tú a ghabháil, a dhuine uasail!'

'Mé a ghabháil? An as do mheabhair glan atá tú, a dhuine? Is mise Agatán Sacs! An bleachtaire príobháideach is mó san Eoraip agus tá de dhánacht ionatsa mise a ghabháil! Lig dom labhairt le Ceannaire na bPóilíní, seanchara liom.'

'Beidh tú ag caint leis gan mhoill; eisean a d'ordaigh dom tú a ghabháil. Ná bí ag cleasaíocht liomsa anois, a mhic!'

Tharla an eachtra uafásach sin tráthnóna breá samhraidh i stáisiún traenach Massovina, príomhchathair álainn Bhroisnia.

Shéid an sáirsint Broisniach a bhí tar éis Agatán Sacs a ghabháil, shéid sé a fheadóg agus i bhfaiteadh na súl, nocht seachtar fear faoi éide liathghlas Phóilíní Rúnda Bhroisnia agus thimpeallaíodar Agatán Sacs. Cé gur thuig sé gur botún seafóideach a bhí ann, bhí goimh ar Agatán Sacs. Thug sé súil fhiata ar an sáirsint.

'Tá sé seo ag dul thar ghreann!' ar seisean i mBroisnis líofa.

'Ní greann ar bith é,' arsa an sáirsint go gruama.

'Ní thuigfidís san an greann,' arsa Agatán Sacs leis féin. Agus ansin, os ard: 'Tá míniú uaim ar an scannal seo!'

'Míneofar é luath go leor'.

Sula raibh am aige 'Dia le m'anam' a rá' (agus ní fios an ndéarfadh sé é sin), cuireadh dornasc air agus sacadh isteach i gcarr póilíní é.

'Chuig ceanncheathrú na bPóilíní Rúnda,' arsa an sáirsint de liú leis an tiománaí. As go brách leo ar nós ghaoth an Mhárta.

Fad is atá Agatán Sacs á thiomáint trí shráideanna Massovina tá cúpla nóiméad againn chun seasamh siar agus cúlra na heachtra seo a scrúdú beagán. Ní gá a rá go bhfuil na húdaráis Bhroisniacha tar éis an rud ar fad a scuabadh faoin gcairpéad. Níor mhaith le fórsa póilíní ar bith a mhaíomh gur chuireadar Agatán Sacs faoi ghlas. Ach caithfear an fhírinne a insint, agus gan aon ní a chur i bhfolach, mura mbeadh ann ach chun deireadh a chur le ráflaí áirithe atá ag imeacht go tiubh, nó srian a chur leo.

Bhí a aigne déanta suas ag Agatán Sacs go dtógfadh sé saoire ghearr i mBroisnia. Bhí sé ann cheana agus casadh ceathrar Broisniach aitheanta air. Bhí triúr acusan faoi ghlas anois sa phríosún áitiúil, agus ba é an ceathrú duine ná cara maith leis, Ceannaire Póilíní Bhroisnia.

Mar eagarthóir ceannais, nó príomheagarthóir, ar an *Byköpings Post* (an nuachtán is lú ach is fearr sa tSualainn) ní fhéadfadh sé a bheith as baile níos faide ná cúpla seachtain, mar ní thaitneodh sé leis an leas-phríomheagarthóir, Aint Máire Treasa, a cuid cniotála a chur i leataobh níos faide ná mar ba ghá.

Bhí Agatán Sacs tar éis a mhadra, Ticí, a thabhairt leis ar saoire — broc-chú cliste a bhí tar éis an-chabhair a thabhairt dó, níos mó ná uair amháin, agus é ag dul i ngleic le coirpigh idirnáisiúnta.

Tar éis dó Massovina a bhaint amach — deich lá sular gabhadh é — chuaigh Agatán Sacs amach ag siúl. Tráthnóna breá a bhí ann agus bhí sé ag siúl leis ar an mbúlbhard leathan a shíneann ó cheann ceann na cathrach.

Go tobann, tharraing taobhshráid a aird, taobhshráid

J. NDZORI

chúng ghleoite a bhí lán de shiopaí beaga. Stop sé os comhair fuinneoige a raibh gach saghas toirtíse, idir bheag agus mhór, ar taispeáint inti.

Sheas fear eile in aice leis, duine a raibh sult á bhaint aige as an tráthnóna breá, agus an spéis chéanna aige sna hainmhithe, ba dhóigh leat. Níorbh fhada go rabhadar sáite i gcomhrá (sa Bhroisnis) faoi thoirtéisí is faoi thurtair.

Bhí cuma chineálta ar an strainséir, thart ar an aois chéanna le hAgatán Sacs. Bhí féasóg air a bhí bearrtha go néata, agus caipín olla ar a cheann, dearg is gorm, táirge tipiciúil de chuid thionscal olla Bhroisnia. Ní go dtí go rabhadar tar éis comhrá cuibheasach fada a bheith acu a thug Agatán Sacs faoi deara go raibh bróg chruach ar chos dheas an strainséara.

Ba é Agatán Sacs a chuir tús leis an gcomhrá:

'Agatán Sacs is ainm domsa agus is as an tSualainn dom,' ar sé, agus d'ardaigh a bhabhlaer go béasach.

'Agus is mise Andreas Kark,' arsa an strainséir, agus d'ardaigh a chaipín olla.

'Ar saoire atáim,' arsa Agatán Sacs.

'Tá cónaí ormsa in Massovina, agus is deileadóir mé,' a d'fhreagair an Broisniach. 'Nach deas an gaidhrín í sin agat.'

Díreach ansin, chuir rud éigin isteach ar shúil ghéar Agatáin Sacs: duine a bhí ag cúlfhaire orthu tamaillín síos an tsráid. Bhí rud éigin ina ghlac aige — boiscín de shaghas éigin. Nuair a thuig sé go raibh sé feicthe ag Agatán Sacs, thug sé do na boinn é.

'Grianghrafadóir!' arsa Agatán Sacs. 'Tá an ceart agat,' arsa Andreas Kark, agus d'iompaigh an lí ann.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin, d'fhágadar slán ag a chéile. Ghabh Andreas Kark isteach i dteach a bhí in aice leo. Shiúil Agatán Sacs go mall ar ais go dtí an t-óstán, agus dhá cheist mhóra ag déanamh scime dó. Cén fáth a raibh bróg chruach á caitheamh ag an Uasal Kark? Cén fáth a raibh grianghraf glactha ag strainséir éigin den bheirt acu?

B'in deich lá ó shin. Agus anois, agus é suite i gcarr póilíní, bhí sé ag fiafraí de féin an raibh baint ar bith ag an strainséir mistéireach úd, Andreas Kark, leis an mbotún scannalach seo.